# Leabhrán Faisnéise d'Iarrthóirí

# Leas-Phríomhoifigeach

## Stiúrthóir Cláir na Scoileanna Ildánacha
## Lánaimseartha– Buan

**Spriocdháta - 12 meán lae, Dé Céadaoin 4ú Nollaig 2024**

**Tabhair faoi deara, ní mheasfar iarratais a chuirfear isteach tar éis an spriocdháta.**

**Tá an Chomhairle Ealaíon tiomanta do bheartas comhdheiseanna agus spreagaimid iarratais ó gach cuid den phobal faoi na deich bhforas a leagtar amach inár mBeartas um Chomhionannas, Cearta an Duine agus Éagsúlacht.** Chun tuilleadh eolais a fháil, téigh chuig: Comhionannas, Cearta an Duine agus Éagsúlacht

**Clár na nÁbhar**


1. Forbhreathnú
2. Próifíl róil
3. Inniúlachtaí Riachtanacha don Phost
4. Struchtúr Tuairiscithe agus Ceannaireachta
5. Bunús Fostaíochta
6. Suíomh na hOifige
7. Conas Iarratas a Dhéanamh
8. Modhanna Roghnúcháin
9. Cúrsaí Leighis agus Slándála
10. Incháilitheacht
11. Teistiméireachtaí agus Fíorú
12. Fiosrúcháin/Tuilleadh Faisnéise
13. Rúndacht
14. Faisnéis Thábhachtach Eile
15. Ráiteas ar Phríobháideachas d'Iarratasóirí

## 1. Forbhreathnú

Is gníomhaireacht rialtais í an Chomhairle Ealaíon atá freagrach as na healaíona a fhorbairt in Éirinn. Oibrímid i gcomhpháirt le healaíontóirí, le heagraíochtaí ealaíon, le lucht déanta beartas poiblí agus le daoine eile chun áit lárnach a chruthú do na healaíona i saol na hÉireann. Tá deis iontach againn faoi láthair do dhuine ag a bhfuil taithí.
Cúlra

Arna thionscnamh in 2018, tá na Scoileanna Ildánacha faoi threoir na Comhairle Ealaíon i gcomhpháirtíocht leis an Roinn Oideachais, Éire Ildánach agus an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán. Fuair an tionscnamh treoir freisin ó straitéis deich mbliana na Comhairle Ealaíon (2016–25), Saothar Ealaíne Iontach a Tháirgeadh: Forbairt na nEalaíon in Éirinn a Threorú - féach anseo::

Straitéis na Comhairle Ealaíon (2016-2025), Saothar Ealaíne Iontach a Tháirgeadh, Forbairt na n-ealaíon in Éirinn a threorú | An Chomhairle Ealaíon.

Tá an tionscnamh mar chuid den Phlean Óige Ildánach 2023-2027 freisin.

Tacaíonn Scoileanna Ildánacha le scoileanna/ionaid chun na healaíona agus an chruthaitheacht a chur i gcroílár shaol na leanaí agus na ndaoine óga. Faoin tionscnamh seo, cuirtear deiseanna ar fáil do leanaí agus do dhaoine óga cur lena gcuid scileanna ealaíne agus cruthaitheachta; chun cumarsáid a dhéanamh, chun comhoibriú le chéile, chun a samhlaíocht a mhúscailt, chun a gcumas nuálaíoch a chothú, agus chun leas a bhaint as a gcuid fiosrachta. Cuireann sé ar chumas leanaí agus daoine óga na healaíona agus gníomhaíocht chruthaitheach a fhorbairt, a chur chun feidhme agus a mheas ar fud a scoileanna/ionad agus spreagfar bealaí oibre nua lena neartófar tionchar na cruthaitheachta ar chumas foghlama, ar fhorbairt agus ar fholláine leanaí agus daoine óga. Go dtí seo, bhí níos mó ná 1000 scoil ar fud na hÉireann rannpháirteach sa chlár.

Doiciméid chúlra mar thagairt:

- Na hEalaíona agus Rannpháirtíocht Chultúrtha i measc Leanaí agus Daoine Óga – Léargais ón staidéar Ag Fás Aníos in Éirinn
- An Chairt um na hEalaíona san Oideachas, 2013

## 2. Próifíl an Róil

### A. Sonraí

| | |
|---|---|
| Post: | Stiúrthóir Cláir na Scoileanna Ildánacha |
| Grád: | Príomhoifigeach Cúnta (Caighdeánach) Comhionann |
| Coibhéis Lánaimseartha | Lánaimseartha (35 uair an chloig) |
| Conradh | buan |
| Ag tuairisciú do | An Stiúrthóir |

### B. Cúis an Róil

Beidh an **Stiúrthóir Cláir** fostaithe ar bhonn lánaimseartha le bheith i gceannas ar agus le bainistíocht a dhéanamh ar chlár agus ar fhoireann na Scoileanna Ildánacha. Beidh sé/sí freagrach as straitéis, beartas, pleanáil agus soláthar tionscadail, acmhainní daonna agus bainistíocht conartha, le soláthar éifeachtach an chláir a chinntiú.

### C. Torthaí Riachtanacha (lena n-áirítear ach gan a bheith teoranta díobh seo)

- Seachadadh chlár na Scoileanna Ildánacha
- Forbairt straitéis cúig bliana na Scoileanna Ildánacha de réir Saothar Ealaíne Iontach a Tháirgeadh agus beartais foirme ealaíne ábhartha agus chorparáideacha go léir na Comhairle Ealaíon, go háirithe Daoine Óga, Leanaí agus Oideachas.
- Tionscnaimh agus/nó tionscadail a thacóidh le forbairt na Scoileanna Ildánacha a fhorbairt agus a fhorfheidhmiú.
- Caidrimh shármhaithe le páirtithe leasmhara institiúideacha tábhachtacha agus alumni a chruthú agus a chothabháil.
- Foireann spreagtha agus dírithe a chothabháil le freastal ar thosaíochtaí na Comhairle Ealaíon mar a léirítear laistigh de shaothar Chlár na Scoileanna Ildánacha.

### D. Príomhfhreagrachtaí

- Clár na Scoileanna Ildánacha, lena n-áirítear baill foirne agus conraitheoirí a threorú, a spreagadh agus a bhainistiú le cinntiú go gcomhlíontar na príomhchuspóirí atá leagtha amach sa straitéis Saothar Ealaíne Iontach a Tháirgeadh agus le soláthar barrmhaitheasa sna réimsí ábhartha beartais a chinntiú.
- Buiséid bhliantúla agus pleananna gnó a fhorbairt, i gcomhar le bainistíocht shinsearach, le haghaidh na Scoileanna Ildánacha de réir chuspóirí agus phlean corparáideach na Comhairle Ealaíon i gcomhar le comhpháirtithe eile agus feidhmíocht a bhainistiú in aghaidh an bhuiséid agus an phlean gnó.
- Na comhairleoirí riachtanacha don chlár a roghnú, i gcomhar le Foireann na Scoileanna Ildánacha.
- Foireann na Scoileanna Ildánacha a threorú ina bhfreagrachtaí chun cuspóirí na Comhairle Ealaíon a bhaint amach agus chun soiléireacht barrmhaitheasa beartais,

forbartha agus moltaí deontais/dámhachtana a bhaint amach laistigh dá réimsí foirm ealaíne faoi seach.

- Tionscnaimh forbartha thaighde nó straitéiseacha a aithint, i gcomhar leis an bhFoireann Daoine Óga, Leanaí agus Oideachas agus leis an Rannóg Forbartha Straitéisí de réir mar is gá agus feidhmiú ar thorthaí na taighde agus na comhairle sin a bhaineann le réimsí foirme ealaíne ábhartha.
- Caidrimh éifeachtacha oibre le páirtithe leasmhara institiúideacha tábhachtacha a fhorbairt agus a chothú, go háirithe an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán, an Roinn Oideachais agus Scileanna, an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige, de réir mar is cuí.
- Acmhainní Daonna, Forbairt Ghairmiúil agus Bainistiú Feidhmíochta, Cosaint agus Leas Leanaí, Saoráil Faisnéise, Soláthar, Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS), Sláinte agus Sábháilteacht agus Faisnéis agus Taifid na Rannóige a bhainistiú.
- Comhoibriú leis an bhfoireann bainistithe sinsearaí ionas go gcinnteofar comhoibriú barrmhaitheasa ag gach leibhéal idir na foirne ionas go gcinnteofar seachadadh seirbhíse sármhaith chuig eagraíochtaí ealaíon agus chuig an bpobal ealaíon.
- Comhoibriú leis an Stiúrthóir Seirbhísí Corparáideacha ionas go gcinnteofar comhoibriú ag gach leibhéal le Seirbhísí Corparáideacha chun comhsheasmhacht a chinntiú i gcaighdeáin agus i bprótacail faofa ar fud na heagraíochta, seachadadh tionscadail, pleanáil chorparáideach agus próisis ghnó na foirne bainistithe sinsearaí.
- Comhoibriú leis an Stiúrthóir Airgeadais ina b(h)ainistiú ar Rialachas Corparáideach ionas go gcinnteofar go gcomhlíonann an Chomhairle gach reachtaíocht agus rialachán ábhartha a bhaineann lena saothar.
- Dul i mbun freagrachtaí eile mar a aontaítear ó am go chéile leis an Stiúrthóir

**E. Sonraíocht faoin bPearsa**

Taithí shuntasach ábhartha ar bhainistiú ag leibhéal sinsearach sna healaíona agus/nó san oideachas ar chóir go mbeadh trí bliana ar a laghad de i mbainistíocht in eagraíocht ag feidhmiú ag leibhéal náisiúnta.

Beidh na tréithe seo a leanas ag an iarrthóir rathúil:

- ardleibhéal creidiúnachta sa phobal ealaíon agus/nó sa phobal oideachais;
- scileanna daonna den scoth a thugtar le fios tríd an gcumas foirne saineolaithe a threorú agus a spreagadh agus fuinneamh agus fócas a thabhairt chuig grúpa foirne gairmiúla díchosúla.
- cumais dea-fhorbartha éisteachta, chumarsáide agus idirbheartaíochta;
- cuntas teiste cruthaithe i mbainistiú sna healaíona, go háirithe sa chlár Daoine Óga, Leanaí agus Oideachas;
- tuiscint mhaith ar na healaíona agus bonneagar gnó na n-ealaíon;
- corpas eolais nach beag i leith forbairtí náisiúnta agus idirnáisiúnta sa réimse Daoine Óga, Leanaí agus Oideachas;
- an cumas feidhmiú go héifeachtúil ag leibhéil straitéiseacha agus bheartais agus doimhneacht anailíseach a chur le straitéis agus beartais na Comhairle Ealaíon;
- an cumas saincheisteanna casta a mheabhrú agus a chur in iúl go soiléir;
- eolas agus taithí chun gníomhaíochtaí éagsúla a threorú trí chórais bhainistithe éifeachtacha agus fócas marthanach ar spriocanna fadtéarmacha;

- beidh teist ag an iarrthóir rathúil de ghnóthachan ábhartha suntasach ar cheart go n-áireofaí leis: cumas cruthaithe straitéisí a fhorbairt agus a fhorfheidhmiú a sheachadann torthaí inláimhsithe;
- fianaise ar chumais den scoth sa bhainistíocht ghinearálta
- fianaise i leith éifeachtacht na scileanna cumarsáide sofaisticiúla lenar féidir dul i bhfeidhm agus i mbun caibidlíochta ag gach leibhéal laistigh d'eagraíocht agus le páirtithe leasmhara seachtracha tábhachtacha.

**Tréithe Pearsanta**


- Ceannaire nádúrtha a chreideann go láidir i luachanna na Comhairle Ealaíon
- Cumas smaoineamh go straitéiseach agus go samhlaíoch
- Dóigh chairdiúil, thuisceanach
- Bheith chomh muiníneach/chomh cumasach céanna ag obair mar bhall d'fhoireann nó as do stuaim féin
- Cumas dea-chaidrimh oibre a chothú le baill foirne ar gach leibhéal
- Bheith sásta taisteal ar fud na tíre go rialta, agus cuairteanna thar oíche san áireamh anois is arís
- Teacht aniar nuair atáthar ag tabhairt aghaidhe ar ualach mór oibre, spriocdhátaí agus/nó suíomhanna strusmhara

**F. Cáilíochtaí**

Beidh an t-iarrthóir rathúil láidir go hacadúil, le bunchéim ar a laghad, agus b'fhearr go mbeadh cáilíochtaí iarchéime nó gairmiúla aige/aici i réimse ábhartha. Tá cúlra forbartha láidir san oideachas agus sna healaíona riachtanach.

## 3. Inniúlachtaí Riachtanacha don Phost

Ní mór go mbeadh an t-iarrthóir a cheapfar in ann a léiriú go bhfuil na hinniúlachtaí riachtanacha aige/aici don phost ardbhainistíochta seo. Leagtar amach thíos na hinniúlachtaí riachtanacha don ról mar Leas-Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin.




Foinse: An tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí

## Inniúlachtaí ag Leibhéal an Phríomhoifigigh Chúnta

### Táscairí Feidhmíochta Éifeachtaí

| | |
|---|---|
| Ceannaireacht | Cuireann an duine go gníomhach le forbairt straitéisí agus beartais na Roinne/na hEagraíochta |
| | Tá an duine dírithe ar agus tiomanta d'ardfheidhmíocht a bhaint amach, pléann siad le ceisteanna feidhmíochta de réir mar a tharlaíonn siad |
| | Tugann an duine treoir agus baineann siad an leas is fearr as an bhfoireann ina hiomláine |
| | Smaoiníonn an duine ar éifeacht torthaí i dtéarmaí ginearálta seachas a bheith dírithe ar a réimse féin |
| | Sainmhíníonn an duine spriocanna go soiléir agus dáileann siad freagrachtaí go héifeachtach, spreagann siad freagracht as tascanna |
| | Tá sé ar a c(h)umas ag an duine daoine eile a fhorbairt trí aiseolas, chóitseáil agus trí dheiseanna chun scileanna a fhorbairt a chruthú |
| | Aithníonn an duine deiseanna chun slite nua agus nuálacha maidir le seirbhís a sholáthar |
| Breithiúnas, Anailís agus Cinntí a Dhéanamh | Déanann an duine taighde dúthrachtach agus téann siad i gcomhairle le daoine eile leis an eolas cuí a bhailiú faoin ábhar |
| | Tuigeann an duine ceisteanna casta gan mhoill, glacann siad agus déanann siad measúnú ar shonraí (sonraí uimhriúla san áireamh) |
| | Cuireann an duine cineálacha eolais éagsúla le chéile, aithníonn siad comhchaidrimh agus naisc |
| | Déanann siad cinntí stuama atá soiléir agus ciallmhar faoi cheisteanna tábhachtacha |
| | Cuireann an duine na himpleachtaí, na cláir agus na híogaireachtaí i gcoitinne san áireamh i gcinntí mar aon leis an tionchar a bheadh ag cinntí ar pháirtithe leasmhara éagsúla |
| | Tógann an duine seasamh daingean ar cheisteanna atá tábhachtach, dar leo |
| Torthaí a Bhainistiú agus a Sholáthar | Glacann an duine freagracht as obair dhúshlánach agus soláthraíonn siad an obair in am agus ar ardchaighdeán |
| | Déanann an duine pleanáil agus cuireann siad an obair in ord tosaíochta ó thaobh tábhachta, tréimhse ama agus constaicí eile de, athraíonn siad tosaíochtaí de réir mar a athraíonn na cúinsí |
| | Cinntíonn an duine go bhfuil seirbhís ar ardchaighdeán agus éifeachtach ar fáil do chustaiméirí sa rannóg |
| | Scrúdaíonn an duine ceisteanna, féachaint an féidir rudaí a dhéanamh ar bhealach níos fearr |
| | Tá meon oscailte ag an duine maidir le smaointe, tionscnaimh nua agus réitigh chruthaitheacha ar fhadhbanna |
| | Cinntíonn an duine go bhfuil bearta rialála agus feidhmíochta i bhfeidhm chun seirbhísí ar ardchaighdeán a sholáthar |
| | Déanann an duine bainistíocht éifeachtach ar thionscadail éagsúla |
| Scileanna Idirphearsanta agus Cumarsáide | An cumas eolas a thabhairt go muiníneach, go loighciúil agus go diongbháilte, ó bhéal agus i scríbhinn |
| | Spreagann an duine comhrá oscailte agus cuiditheach maidir le ceisteanna oibre |
| | Spreagann an duine obair foirne sa rannóg, ach oibríonn siad go héifeachtach ar thionscadail i Ranna/Rannóga eile |
| | Bíonn an duine ar a s(h)uaimhneas agus i gceannas agus iad ag obair chun tionchar a imirt ar dhaoine eile |
| | Cuireann an duine béim ar Sheirbhís do Chustaiméirí ina réimse |
| | Forbraíonn agus cothabhálann an duine gréasán teagmhálaithe chun cabhrú le fadhbanna a réiteach nó chun eolas a roinnt |
| | Déanann an duine teagmháil éifeachtach le páirtithe leasmhara, lena n-áirítear baill den phobal, Comhghleacaithe sa Statseirbhís agus an córas polaitíochta |
| Eolas Speisialtachta, Saineolas agus Féinfhorbairt | Tuigeann an duine go soiléir a spriocanna féin agus spriocanna na foirne agus an chaoi a n-oibríonn siad san aonad agus sa Roinn |
| | Tá sáreolas ag an duine ar cheisteanna na Roinne agus an Rialtais agus tuigeann siad tosaíochtaí ginearálta polaitíochta agus eagraíochta |
| | Measann na páirtithe leasmhara gur saineolaí an duine ina réimse féin |
| | Tá an duine dírithe ar fhorbairt phearsanta, lorgaíonn siad aiseolas agus deiseanna do dhul chun cinn maidir le riachtanais ar leith an phoist a chomhlíonadh |
| Díograis agus Tiomantas do Chaighdeáin na Seirbhíse Poiblí | Tá an duine spreagtha agus léiríonn siad gur mian leo feidhmiú go leanúnach ag an ardleibhéal |
| | Tá an duine ionraic agus is féidir brath orthu |
| | Cinntíonn an duine go ndírítear ar an saoránach maidir le gach seirbhís a sholáthraítear |
| | Cuireann an duine na caighdeáin is airde maidir le heitic agus le hionracas chun cinn trína leithéid a dhéanamh iad féin |

Foinse: An tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí

## 4. Struchtúr Tuairiscithe agus Ceannaireachta:

Is ról ardbhainistíochta é ról an Leas-Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin laistigh den Chomhairle Ealaíon. Caithfidh iarrthóirí a bheith in ann a léiriú go bhfuil na scileanna, eolas agus taithí riachtanach acu d'fhonn ceannaireacht foirne éifeachtach a chur ar fáil, ag cinntiú go ndírítear ar fheabhsú leanúnach agus seachadadh seirbhíse chun riachtanais ghnó na heagraíochta a shásamh.

## 5. Bunús Fostaíochta

### Tuarastal

Tá an scála tuarastail don Phríomhoifigeach Cúnta, lena n-áirítear an ranníocaíocht phinsin atá riachtanach, leagtha síos thíos.

P1 € 79,086; P2 € 81,999; P3 € 84,952; P4 € 87,914; P5 € 90,873; P6 € 92,579; LSI1 € 95,563 *; LSI2 € 98,559 **

*Tar éis seirbhís trí bliana ag Pointe 6. **Tar éis seirbhís trí bliana ag Incrimint Fadseirbhíse 1. (Scála pá amhail an 1 Meitheamh 2024)

**Ba chóir go dtabharfadh iarrthóirí faoi deara go n-iontrálfar ag Pointe 1 den scála agus go bhféadfaí an ráta luach saothair a athrú ó am go ham de réir bheartas pá an Rialtais.**

D'fhéadfadh pá agus coinníollacha éagsúla a bheith i bhfeidhm más seirbhíseach poiblí nó státseirbhíseach reatha an té a cheapfar díreach roimh an gceapachán. Beidh téarmaí pinsean seirbhíse poiblí agus coinníollacha aois scoir i bhfeidhm de réir socruithe pinsin sa Chomhairle Ealaíon ag brath ar réamhstádas an té a cheapfar.

Faoi réir feidhmíocht shásúil, d'fhéadfaí incrimintí a íoc de réir Bheartas reatha an Rialtais.

### Saoire Bhliantúil

Is ionann an teidlíocht saoire bliantúla don ról seo (bunaithe ar ról lánaimseartha) agus 30 lá sa bhliain.

### Tréimhse Phromhaidh

De réir Bheartas Promhaidh na Comhairle Ealaíon, tá tréimhse promhaidh 6 mhí i gceist

## 6. Suíomh Oifige

Beidh tú lonnaithe in oifigí na Comhairle ag 70 Cearnóg Mhuirfean, Baile Átha Cliath 2, ach tá seans ann go n-iarrfar ort oibriú ag suíomhanna eile anois is arís. Coimeádann an Chomhairle Ealaíon, dá rogha, an ceart chun an suíomh seo a athrú chuig suíomh éigin eile in Éirinn. Beidh ort taisteal anois is arís chun do chúraimí a chur i gcrích.

Tabhair faoi deara: táimid ag obair ar pholasaí hibrideach-oibre.

## 7. Conas Iarratas a Dhéanamh

Chun iarratas a dhéanamh, ceangail do litir (nach mó ná dhá leathanach) **Cliceáil anseo chun iarratas a dhéanamh** ina leagtar amach an fáth a bhfuil spéis agat sa deis seo agus an fáth a gcreideann tú go gcomhlíonann do scileanna, d'eolas agus do thaithí riachtanais an róil. Ina theannta sin, déan curriculum vitae (CV) cuimsitheach a cheangal léi ina léirítear go soiléir do chuid éachtaí agus do thaithí ábhartha i do ghairm bheatha go dtí seo. (Sábháil do dhoiciméad i gceann de na formáidí seo a leanas: .doc, .docx, .rtf nó .pdf).

Cuir in iúl dúinn, le do thoil, má theastaíonn cóiríocht réasúnta uait don phróiseas earcaíochta agus déanfaimid ár ndícheall freastal ort. Is féidir leat ríomhphost a sheoladh chuig recruitment@artscouncil.ie.

Más fearr leat gan d'iarratas a chur isteach trí Fruiliú, seol do CV agus litir chlúdaigh le do thoil chuig recruitment@artscouncil.ie le teideal an róil sa líne ábhair.

Dearbhóidh an Chomhairle Ealaíon gach iarratas a fhaightear. Mura bhfaigheann tú dearbhú laistigh de dhá lá oibre ó d'iarratas a chur isteach, seol ríomhphost chuig hr@artscouncil.ie.

## 8. Modhanna Roghnúcháin

D'fhéadfadh an méid seo a leanas a bheith i gceist leis an bpróiseas roghnúcháin:

- iarrthóirí a chur ar ghearrliosta de réir na faisnéise atá ina n-iarratas (litir agus CV) d'fhonn liosta na n-iarrthóirí a laghdú go líon níos soláimhsithe le cur faoi agallamh;
- agallamh ar féidir láithreoireacht ón iarrthóir a bheith san áireamh leis;
- ceistiúchán pearsantachta síciméadrach a chomhlánú;

- an dara hagallamh a bhféadfadh láithreoireacht nó cleachtadh eile a bheith san áireamh leis.

Sa chás go mbainfear úsáid as cleachtadh gearrliostaithe, déanfaidh painéal roghnúcháin saineolaithe iniúchadh ar na hiarratais agus déanfar iad a mheasúnú i gcoinne critéir réamh-mheasta, bunaithe ar riachtanais an phoist. Dá réir sin, is chun do leasa é tuairisc mhionsonraithe chruinn a thabhairt i dtaobh do cháilíochtaí agus do thaithí.

**9. Cúrsaí Leighis agus Slándála**

Beidh ar iarrthóirí a ndéantar breithniú orthu lena gceapadh scrúdú leighis réamhfhostaíochta a dhéanamh mar aon le Grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána, lena mbainfidh saincheisteanna maidir le Leas agus Cosaint Leanaí freisin.

**10. Incháilitheacht**

**Riachtanais Saoránachta**

**Ba chóir go mbeadh an tIarrthóir Incháilithe:**

a) Ina s(h)aoránach den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch. Tá Ballstáit an Aontais Eorpaigh, an Íoslainn, Lichtinstéin agus an Iorua san LEE; nó

b) Ina s(h)aoránach de chuid na hEilvéise de bhun an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus an Eilvéis maidir le saorghluaiseacht daoine; nó

c) Ina s(h)aoránach de thír nach bhfuil sa Limistéar Eorpach Eacnamaíoch ach a bhfuil céile aige/aici atá ina s(h)aoránach de chuid LEE nó na hEilvéise nó leanbh aige/aici le duine atá ina s(h)aoránach de chuid LEE nó na hEilvéise agus a bhfuil víosa stampa 4 aige/aici.

d) Ina d(h)uine ar bronnadh cosaint idirnáisiúnta air/uirthi faoin Acht um Chosaint Idirnáisiúnta, 2015, nó aon duine de theaghlach atá i dteideal fanacht sa Stát mar thoradh ar athaontú teaghlaigh agus a bhfuil víosa stampa 4 aige/aici; nó

e) Ina s(h)aoránach de thír nach bhfuil sa Limistéar Eorpach Eacnamaíoch ach atá ina t(h)uismitheoir ag leanbh cleithiúnaigh atá ina s(h)aoránach agus ina c(h)ónaí i mball stáit de chuid LEE nó san Eilvéis agus a bhfuil víosa stampa 4 aige/aici

**Ní mór d'iarrthóirí ceann amháin de na critéir shaoránachta thuasluaite a chomhlíonadh faoin dáta a tháirgtear an post dó/di.**

Is gá go mbeadh na ceadanna ag iarrthóirí nach saoránaigh de na tíortha réamhluaite iad le hobair in Éirinn. Beidh sé de fhreagracht ar an iarrthóir a chinntiú go bhfuil na ceadanna seo i bhfeidhm.

Tá sé mar fhreagracht aonair ar iarrthóirí a bhí ina seirbhíseach poiblí nó ina státseirbhíseach a chinntiú go bhfuil siad incháilithe le hiarratas a dhéanamh. Go háirithe, ba chóir d’iarrthóirí féideartha a bhí páirteach i gclár deonach téarfa/iomarcaíochta nó luathscoir agus a fuair íocaíocht iomarcaíochta nó atá ag fáil pinsean seirbhíse poiblí eolas a chur ar a gcoinníollacha féin a bhaineann le hathfhostú san earnáil phoiblí agus é sin a dhearbhú má dhéanann siad iarratas.

## 11. Teistiméireachtaí agus Fíorú

Bheadh sé ina chúnamh dá dtosófá ag machnamh ar ainmneacha na ndaoine a bheadh ina moltóirí oiriúnacha dar leat dá rachaimis i dteagmháil leo (dhá nó trí ainm agus sonraí teagmhála). Ní gá go mbeadh d’fhostóir reatha san áireamh leis na moltóirí, ach ba chóir go mbeadh sé/sí ábalta teistiméireacht a chur ar fáil i do leith. Bí cinnte nach mbaileoimid na sonraí agus nach ndéanfaimid teagmháil leis na moltóirí ach amháin má tá breithniú á dhéanamh ort i gcomhair ceapacháin.

Beidh ar iarrthóirí fíorú maidir le hincháilitheacht saoránachta agus cáilíochtaí oideachais a sholáthar i bhfoirm atá inghlactha ag an gComhairle Ealaíon.

## 12. Fiosrúcháin/Tuilleadh Faisnéise

Má tá tuilleadh faisnéise de dhíth ort nó má theastaíonn uait plé faoi rún a shocrú maidir leis an deis seo, cuir ríomhphost chuig **Recruitment@artscouncil.ie**.

## 13. Rúndacht

Faoi réir fhorálacha an Achta um Shaoráil Faisnéise, 2014, pléifear le hiarratais faoi lándiscréid.

Ná bíodh amhras ort ach go bpléifear le gach fiosrúchán, le gach iarratas agus le gach gné de na nósanna imeachta faoi lándiscréid gan iad a nochtadh d’aon duine ach amháin dóibh siúd atá bainteach go díreach leis an bpróiseas earcaíochta.

## 14. Faisnéis Thábhachtach Eile

Ní bheidh an Chomhairle Ealaíon freagrach as aisíoc aon chostais a thabhaíonn iarrthóirí lena n-áirítear réiteach i gcomhair agallaimh/freastal ar agallamh nó athlonnú.

Ba chóir go dtabharfadh iarrthóirí faoi deara go ndícháileofar iad má dhéanann siad stocaireacht agus go n-eisiafar ón bpróiseas iad.

**Léiríonn an méid thuas na príomhchoinníollacha fostaíochta agus níl sé i gceist go mbeidh sé ina liosta cuimsitheach de na téarmaí agus coinníollacha fostaíochta ar fad a leagfar amach i gconradh fostaíochta mionsonraithe le comhaontú leis an iarrthóir rathúil.**

## 15. Ráiteas ar Phríobháideachas d'Iarratasóirí

Rialaitheoir Sonraí – an Chomhairle Ealaíon

### Cuspóir na Próiseála

Úsáideann an Chomhairle Ealaíon próisis éagsúla earcaíochta d'fhonn folúntais san eagraíocht a líonadh. Nuair a chuirtear isteach ar na comórtais seo, iarrtar ar iarratasóirí doiciméid éagsúla a chur faoi bhráid na Comhairle, e.g. foirm iarratais, CV agus/nó litir chumhdaigh.

Cuireadh an ráiteas seo ar phríobháideachas d'iarratasóirí i dtoll a chéile dóibh siúd a chuireann isteach ar fholúntais sa Chomhairle Ealaíon. Is féidir tuilleadh eolais ar an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí agus iarratais ar rochtain ar ábhar a fháil ar shuíomh gréasáin na Comhairle Ealaíon: http://www.artscouncil.ie/ga/Beartas-priobhaideachais/.

Tá bunús dlí leis na sonraí seo a phróiseáil agus roinntear na sonraí de réir mar is gá agus mar a shonraítear thíos.

| Faighteoir/Roinnte le | Cúis |
|---|---|
| Hirehive | Uirlis earcaíochta scamallbhunaithe Iarrthóirí a n-iarratas a uaslódáil chuig Hirehive le haghaidh athbhreithniú ar fud an phróisis earcaíochta. Tá litreacha Admhála/Cinne ginte trí ardán. Baill de an fhoireann AD, Bainisteoirí Líne agus seachtracha tabharfar rochtain do phainéalaithe ar eolas. |
| Aonad Acmhainní Daonna na Comhairle Ealaíon | Iarratais a stóráil, iarratais a admháil agus freagraí a thabhairt ar iarratasóirí. Bíonn faisnéis áirithe de dhíth le go gcuirfear i gconradh an iarratasóra rathúil é. |

| | |
|---|---|
| Bord Roghnúcháin | Faisnéis a bhíonn de dhíth don ghearrliostú agus don phróiseas agallaimh. |
| Fostóirí reatha/fostóirí a bhí ann roimhe seo | Státseirbhísigh reatha: Bainistíocht feidhmíochta agus seiceálacha saoire breoiteachta<br>Daoine nach státseirbhísigh iad: Teistiméireachtaí a sheiceáil. |

Comhlíonann an Chomhairle Ealaíon na gnéithe uile den GDPR agus déantar na sonraí gaolmhara a bhainistiú de réir na rialachán ábhartha.

**Faisnéis faoi na hIarratasóirí Rathúla**
Coimeádfar an fhaisnéis a chuireann na hiarratasóirí rathúla ar fáil ina gcomhad pearsanta agus iad fostaithe ag an gComhairle Ealaíon, agus don tréimhse ama a bheadh de dhíth tar éis dóibh an Chomhairle Ealaíon a fhágáil.

**Faisnéis faoi na hIarratasóirí mírathúla**
Coimeádfaidh an Chomhairle Ealaíon faisnéis faoi iarratasóirí mírathúla ar feadh tréimhse 12 mhí tar éis an t-iarratasóir rathúil a cheapadh.
**Cearta an Iarratasóra**
Aithníonn an Chomhairle Ealaíon go bhfuil na cearta seo a leanas ag na hiarratasóirí i ndáil leis na sonraí a chuireann siad ar fáil:

- **Rochtain -** Is féidir le hiarratasóirí iarratas a dhéanamh agus rochtain a fháil ar na sonraí nó ar chóip de na sonraí a fháil ag am ar bith.
- **Scriosadh -** Is féidir le hiarratasóirí a iarraidh go scriosfaí na sonraí.
- **Ceartú -** Is féidir le hiarratasóirí a iarraidh go gceartófaí aon fhaisnéis mhícheart.
- **Aighneacht -** Is féidir leis na hiarratasóirí cur i gcoinne phróiseáil na faisnéise seo.
- **Gearáin -** Is féidir le hiarratasóirí gearán a dhéanamh leis an Oifigeach inmheánach Cosanta Sonraí (mar a shonraítear thíos):

Ríomhphost: dataprotection@artscouncil.ie
nó
Scríobh chuig: An tOifigeach um Chosaint Sonraí,
An Chomhairle Ealaíon,
70 Cearnóg Mhuirfean,
Baile Átha Cliath 2.

**Tuilleadh Eolais ar Chosaint Sonraí**
Chun tuilleadh eolais a fháil ar Chosaint Sonraí, féach ar www.dataproctection.ie nó cuir glaoch ar +353 57 8684800 nó 1890 252 231.